## Bileog Faisnéise do Rannpháirtithe

### Suirbhé Rannpháirtíochta Náisiúnta maidir le Cúram Digiteach Sláinte agus Sóisialta

### Suirbhé Teileafóin don Phobal

**Ainm an phríomhthaighdeora:** **Rachel Flynn**
**Teideal an phríomhthaighdeora:** Stiúrthóir um Fhaisnéis agus Caighdeán Sláinte, HIQA
**Uimhir ghutháin an phríomhthaighdeora:** +353 1 828 67 70

**Ainm an chomhthaighdeora chomhairligh (1):** **Sarah Gibney**
**Teideal an chomhthaighdeora chomhairligh (1):** Príomhoifigeach agus Ceann Aonaid an Aonaid Beartais Faisnéise Sláinte (BFS), An Roinn Sláinte

**Ainm an chomhthaighdeora chomhairligh (1):** **Fran Thompson**
**Teideal an chomhthaighdeora chomhairligh (1):** Príomhoifigeach Faisnéise, FSS

**Aitheantas an Rialaitheora/Rialaitheora chomhpháirtigh Sonraí: An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte**
**Sonraí Teagmhála an Rialaitheora/Rialaitheora chomhpháirtigh Sonraí:** +353 21 2409300

**Aitheantas an Oifigigh Cosanta Sonraí:** **Lydia Buckley**
**Sonraí Teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí:** dpo@hiqa.ie

Tá an bhileog seo beartaithe do dhaoine den phobal atá ag glacadh páirte sa suirbhé teileafóin don Rannpháirtíocht Náisiúnta maidir le Cúram Digiteach Sláinte agus Sóisialta. Is é aidhm an tsuirbhé seo do chuid tuairimí maidir le digitiú an chúraim sláinte agus sóisialta a thuiscint, lena n-áirítear rochtain dhigiteach ar fhaisnéis cúraim sláinte agus sóisialta, roinnt na faisnéise sin go digiteach agus rochtain dhigiteach ar chúram.

Is ar bhonn deonach a ghlactar páirt sa suirbhé seo. Sula ndéanann tú cinneadh cibé acu ar mhaith leat nó nár mhaith leat páirt a ghlacadh, d'fhéadfadh sé gurbh áil leat an t-eolas thíos a léamh.

### 1. Cén fáth a bhfuil an suirbhé seo á dhéanamh?

Tá an suirbhé á reáchtáil ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

Tá raon feidhme leathan ag an gcúram digiteach sláinte agus sóisialta. Sampla amháin is ea teilileigheas, ina reáchtáltar comhairliúcháin an dochtúra ginearálta trí leas á bhaint as fón cliste nó fón póca. Sampla eile is ea cianmhonatóireacht brú fola trí fheiste arna caitheamh ag duine a úsáid. Sampla eile is ea rochtain a bheith ag daoine ar a gcuid faisnéise faoi chúram sláinte agus sóisialta ar líne trí shuíomh gréasáin nó trí thairseach.

Féachfaidh an rannpháirtíocht náisiúnta ar cad is ciall leis an gcúram digiteach sláinte agus sóisialta do phobal na hÉireann agus do ghairmithe a oibríonn i gcúram sláinte agus sóisialta in Éirinn[1]. Baileofar leis fianaise maidir le mianta, riachtanais agus ullmhacht an phobail le haghaidh cúram digiteach sláinte agus sóisialta, lena n-áirítear na tionchair fhéideartha ar an bpobal. Baileofar leis freisin faisnéis maidir le mianta, riachtanais agus ullmhacht gairmithe le haghaidh cúram digiteach sláinte agus sóisialta, lena n-áirítear a gcuid dearcthaí i leith rochtain dhigiteach a bheith ag an bpobal ar a gcuid faisnéise cúraim sláinte agus sóisialta, agus na tionchair fhéideartha ar ghairmithe.

Tá an rannpháirtíocht á déanamh i bhfianaise athruithe a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus freisin athruithe i ndearcthaí i leith teicneolaíochtaí faisnéise digiteacha sláinte mar thoradh ar an gcibearionsaí san FSS. Ina theannta sin, tá sí á déanamh i gcomhthéacs spriocanna an Choimisiúin Eorpaigh a socraíodh le déanaí, lena bhfuiltear ag súil go mbeidh rochtain leictreonach ag 100% de shaoránaigh an Aontais Eorpaigh ar a gcuid taifead leighis faoin mbliain 2030.[2] Ina theannta sin, faoi thionscnaimh an chláir athchóirithe Sláintecare, tá sé mar sprioc ag an Rialtas tairseach sláinte saoránach a chur chun feidhme, chomh maith le cuspóirí sláinte digiteacha eile.[3] Beidh infhaighteacht níos fearr ar fhaisnéis sláinte, feabhsuithe sa chinnteoireacht, agus, i ndeireadh na dála, cúram níos sábháilte agus torthaí níos fearr d'othair ann de thoradh ar fheabhsuithe digiteacha.

Bainfidh HIQA leas as an bhfaisnéis ón suirbhé seo chun moltaí a dhéanamh maidir le cur chun feidhme teicniúil i gcomhréir le spriocanna an Choimisiúin Eorpaigh agus Rialtas na hÉireann. Bainfidh an Roinn Sláinte agus an FSS leas as torthaí an taighde chun eolas a dhéanamh don reachtaíocht, don bheartas náisiúnta, agus d'fhorbairtí a dhéanfar amach anseo i dteicneolaíocht cúraim sláinte agus sóisialta.

## 2. Cé atá ag eagrú agus ag maoiniú an tsuirbhé seo?

Tá HIQA ag stiúradh an tsuirbhé seo i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte agus an FSS.

Tá an suirbhé á stiúradh ag cuideachta taighde margaidh, IPSOS MRBI, thar ceann HIQA, na Roinne Sláinte agus FSS.

## 3. Cén fáth a iarradh orm páirt a ghlacadh?

Is é 1,920 duine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn agus atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn spriocmhéid an tsampla. Bainfear úsáid as modh earcaíochta suirbhé darbh ainm diailiú randamach digite. Is éard atá i gceist leis sin ná uimhreacha gutháin a ghlaoch go randamach. Má fhaigheann tú glaoch ag iarraidh ort páirt a ghlacadh, ciallaíonn sé sin gur gineadh d'uimhir go fánach. Le diailiú randamach digite, cuirtear ar ár gcumas é a chinntiú

[1] Tá an suirbhé gairmiúil ag féachaint go sonrach ar chláraithe le CORU (rialálaí sláinte ilghairme na hÉireann), le Comhairle Fiaclóireachta na hÉireann, le Comhairle na nDochtúirí Leighis, le Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann, le Cumann Cógaiseoirí na hÉireann, leis an gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil, agus comhaltaí Chumann Síceolaithe na hÉireann..

[2] Féach Deich mBliana Digiteacha na hEorpa ag https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/policies/europes-digital-decade

[3] Féach Straitéis Forfheidhmithe & Plean Gníomhaíochta Sláintecare 2021-2023 ag https://assets.gov.ie/134746/9b3b6ae9-2d64-4f87-8748-cda27d3193f3.pdf

gur léiriú cruinn de thuairimí phobal na hÉireann maidir le cúram digiteach sláinte agus sóisialta iad torthaí an tsuirbhé seo, lena n-áirítear rochtain dhigiteach ar fhaisnéis, roinnt dhigiteach na faisnéise sin agus rochtain dhigiteach ar sheirbhísí.

Féadfaidh tú d'intinn a athrú maidir le páirt a ghlacadh tráth ar bith, fiú má tá an suirbhé tosaithe, agus ní gá duit fáth a lua linn.

Níl an staidéar oscailte d'oibrithe deonacha.

## 4. Cathain a reáchtálfar an suirbhé?

Cuirfear tús leis an suirbhé teileafóin i mí an Mheithimh 2023 agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí go bhfaightear 1,920 freagra air thar thréimhse 4 seachtaine. Má fhaigheann tú an glaoch ina n-iarrfar ort páirt a ghlacadh sa suirbhé seo, iarrfar ort má tá tú sásta an suirbhé a dhéanamh. Murar féidir leat an suirbhé a dhéanamh nuair a fhaigheann tú an glaoch, féadfaidh tú a iarraidh go gcuirfí glao ort athuair ar dháta agus ag am a oireann duit, ach le linn tréimhse mharthana an tsuirbhé.

## 5. An bhfuil suirbhé eile ar bun?

Táimid ag reáchtáil suirbhé náisiúnta ar líne le gairmithe a oibríonn i gcúram sláinte agus sóisialta freisin. Cuideoidh an dá shuirbhé linn tuairimí an phobail agus na ngairmithe maidir le digitiú an chúraim sláinte agus shóisialta, lena n-áirítear faisnéis agus seirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta a fháil go digiteach.

## 6. An féidir liom an dá shuirbhé a dhéanamh?

D'fhéadfá suirbhé amháin a dhéanamh i gcáil phríobháideach mar dhuine den phobal agus an suirbhé eile a dhéanamh freisin i gcáil ghairmiúil mar ghairmí a oibríonn i gcúram sláinte agus sóisialta. Féach www.hiqa.ie le haghaidh tuilleadh eolas ar an suirbhé ar líne do ghairmithe.

## 7. Cad a tharlóidh má aontaím páirt a ghlacadh sa suirbhé?

Má aontaíonn tú páirt a ghlacadh sa suirbhé seo, iarrfar ort glaoch 20 nóiméad a thógáil. Cuirfidh agallóir roinnt ceisteanna ort i ndáil le haois, inscne, agus réigiún. Cuidíonn na ceisteanna seo linn a chinntiú go mbailímid freagraí ó líon éagsúil daoine ó chúlraí difriúla. Tá sé tábhachtach freagraí a bhailiú ó chúlraí éagsúla chun a chinntiú gur léiriú cruinn ar thuairimí na ndaoine uile a bhfuil cónaí orthu in Éirinn iad torthaí an tsuirbhé. Tá ceisteanna eile ceaptha le cuidiú linn do chuid dearcthaí maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha i gcúram sláinte agus sóisialta in Éirinn a thuiscint Cuirfidh an t-agallóir ceisteanna ort maidir le topaicí a bhaineann leis an tsláinte dhigiteach agus ansin cuirfidh siad ceisteanna ort faoi do chuid mianta, riachtanas agus ullmhachta le haghaidh cúram digiteach sláinte agus sóisialta, lena n-áirítear tionchair fhéideartha.

Is suirbhé aonuaire é seo. Beidh an t-agallóir lán-oilte ar shuirbhéanna teileafóin a dhéanamh agus fostaithe ag IPSOS MRBI, atá bunaithe in Éirinn. Coinneofar an fhaisnéis uile a bhaileofar faoi chuing rúin agus comhcheangailte, déanfar tuairisciú amháin ar

thorthaí gan ainm. Ní bheifear in ann aon duine ar leith a shainaithint sna torthaí agus ní chuirfear aon fhaisnéis lena bhféadfaí tú a shainaithint ar fáil d'aon duine.

## 8. An ndéanfar taifead ar an nglaoch?

Ní dhéanfar taifead fuaime ar na hagallaimh theileafóin. Scríobhfaidh an t-agallóir do chuid freagraí ar na ceisteanna síos i gclár ríomhaireachta. Déanfaidh maoirseoir monatóireacht ar 10% de na glaonna ar a laghad chun críoch cáilíochta agus rialaithe lena chinntiú go ndéanann an t-agallóir an suirbhé mar a bhítear ag súil.

## 9. Cén buntáistí a bhaineann leis seo?

Tugann an suirbhé seo an deis duit éisteacht a fháil ar do thuairim maidir le todhchaí an chúraim dhigitigh sláinte agus shóisialta in Éirinn. Beidh tionchar fóinteach ag torthaí an tsuirbhé ar phleananna maidir le faisnéis dhigiteach agus seirbhísí digiteacha in Éirinn, go sonrach úsáid teicneolaíochtaí digiteacha i gcúram sláinte agus sóisialta.

## 10. Cén rioscaí a bhaineann leis seo?

Ní fheicimid aon riosca i dtaobh páirt a ghlacadh sa suirbhé seo. Beidh gá le tiomantas do shuirbhé 20 nóiméad chun an suirbhé seo a dhéanamh. Má chuirimid glaoch ort ag am nach n-oireann duit, féadfaimid an glaoch a athsceidealú go ham a oireann duit.

Tá na bearta is gá déanta againn chun a chinntiú go ndéantar do chuid faisnéise pearsanta a chosaint. Tá tuilleadh eolais ar fáil i gcuid 11. 'An bhfuil an suirbhé seo faoi rún?'.

## 11. An bhfuil an suirbhé seo faoi rún?

Tá. Coinneofar an fhaisnéis uile a bhaileofar faoi chuing rúin. Coinneofar do chuid faisnéise pearsanta — d'uimhir ghutháin, a gineadh go randamach, agus do chéadainm, a iarrtar ag deireadh an ghlaoigh — go ceann ceithre seachtaine tar éis chlabhsúr an tsuirbhé chun críoch rialaithe cáilíochta. Ansin, déanfar an fhaisnéis sin a scriosadh go buan. Beidh an rochtain ar fhreagraí an tsuirbhé teoranta do dhaoine roghnaithe. Stórálfaidh IPSOS MRBI freagraí an tsuirbhé agus cuirfear iad chuig HIQA. Nuair a fhaigheann HIQA an fhaisnéis, déanfaidh IPSOS MRBI na freagraí a scriosadh go buan. Ní bheidh aon fhaisnéis chéannachta sna freagraí. Ní bheifear in ann aon duine ar leith a shainaithint ó thorthaí an tsuirbhé, agus ní dhéanfar tuairisciú ach amháin ar thorthaí carntha. I gcás go cuireann rannpháirtí an tsuirbhé sonraí pearsanta san áireamh ina chuid freagraí, ní dhéanfaidh an t-agallóir an fhaisnéis sin a thaifead, a bhailiú, nó a stóráil. Coimeádfaidh HIQA freagraí cumaiscthe gan ainmneacha an tsuirbhé go buan.

Má iarrann tú go ndéanfar faisnéis bhreise maidir leis an suirbhé a phostáil chugat, baileofar d'ainm agus do sheoladh chun na críche sin agus déanfar iad a scrios laistigh de cheithre seachtaine i ndiaidh an tsuirbhé.

Más mian leat eolas breise a fháil maidir leis an suirbhé seo, téigh go www.hiqa.ie nó téigh i dteagmháil linn le do cheist ag an ríomhphost, an seoladh, nó an uimhir ghutháin thíos.

## 12. Cosaint Sonraí agus Toiliú

Iarrfar ort toiliú ó bhéal a thabhairt sula nglacann tú páirt sa suirbhé. Glactar páirt ar bhonn deonach agus tá sé de cheart agat tarraingt siar as an suirbhé tráth ar bith. Bainfear úsáid as do chuid faisnéise chun a chinntiú go n-áireofar sa suirbhé freagraí ó líon éagsúil daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn. Leis sin, cuirfear ar ár gcumas é a chinntiú gur ionadú cruinn ar thuairim phobal na hÉireann maidir le cúram digiteach sláinte agus sóisialta iad na torthaí.

Beidh do chuid faisnéise pearsanta á próiseáil againn faoi Alt (8)(1)(j) den Acht Sláinte, 2007. Faoi Alt (8)(1)(j), tá HIQA freagrach as comhairle a chur ar fáil agus moltaí a dhéanamh don Aire Sláinte agus d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le heasnaimh arna sainaithint ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA).

Ar dtús, sainaithneofar tú trí d'uimhir ghutháin trí dhiailiú randamach digite. Iarrfar ort do chéadainm a rá ag deireadh an ghlaoigh. Stórálfar an fhaisnéis phearsanta sin ar feadh ceithre seachtaine tar éis dheireadh an tsuirbhé. Déanfar comhad le freagraí nach aitheanta an tsuirbhé a stóráil ar bhonn buan tar éis do ÚFCS an tionscadal a chur i gcrích.

Beidh tréimhse ceithre seachtaine ann idir chlabhsúr an tsuirbhé agus scriosadh na gcéadaimneacha agus na n-uimhreacha gutháin. Laistigh den tréimhse 4 seachtaine sin, tá sé de cheart ag rannpháirtithe a gcuid freagraí ar an suirbhé a athbhreithniú, a chur in eagar nó a scriosadh, más mian leo amhlaidh a dhéanamh. I ndiaidh na tréimhse ceithre seachtaine, ní bheidh nasc ann a thuilleadh idir fhreagraí an tsuirbhé agus fhaisnéis pearsanta (céadainm agus uimhir ghutháin) agus ní bheidh sé indéanta a thuilleadh leasuithe a dhéanamh ná freagraí an tsuirbhé a scriosadh. Má iarrann tú go ndéanfar faisnéis bhreise maidir leis an suirbhé a phostáil chugat, baileofar d'ainm agus do sheoladh chun na críche sin agus déanfar iad a scrios ceithre seachtaine i ndiaidh an tsuirbhé.

Mar gheall go bhfuil tú i d'ábhar sonraí sa suirbhé seo, tá sé de cheart agat, faoin dlí:

- rochtain a iarraidh ar do chuid faisnéise (céadainm agus uimhir ghutháin) agus ar fhreagraí an tsuirbhé agus cóip a iarraidh den mhéid sin (atá ar fáil suas le ceithre seachtaine i ndiaidh an tsuirbhé, nuair nach mbeidh nasc a thuilleadh idir fhreagraí an tsuirbhé agus na sonraí pearsanta [céadainm agus uimhir ghutháin] agus ní bheidh siad in-aisghafa ar bhonn aonair a thuilleadh)
- próiseáil a shrianadh nó cur ina choinne
- go ndéanfaí aon fhaisnéis mhíchruinn fút a cheartú nó a scrios
- gearán a thaisceadh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí mura bhfuil tú sásta leis an gcaoi a bhfuil do chuid sonraí á n-úsáid.

Má bhíonn ceist ar bith eile agat nó más mian leat gearán a dhéanamh, féadfaidh tú amhlaidh a dhéanamh trí ríomhphost a sheoladh chuig digitalsurvey@hiqa.ie

Féadfaidh tú dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí ÚFCS: dpo@hiqa.ie

## 13. Cá háit ar féidir liom teacht ar thuilleadh eolais?

Más gá duit tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

**Ríomhphost:** digitalsurvey@hiqa.ie

**Seoladh poist:**
ÚFCS ag Suirbhé Rannpháirtíochta Náisiúnta
Caighdeáin Theicniúla HIS
Cúirt Sheoirse
Lána Sheoirse
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7
D07 E98Y

**Uimhir ghutháin:** 01 8286770

**Suíomh gréasáin:** www.hiqa.ie